C/2024/580

4.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11391 – ITOCHU / KEOGH FAMILY TRUST / MTF HOLDINGS / UON)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/580)

1. An 18 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ITOCHU Corporation (an tSeapáin), cuideachta arna liostú ar stocmhalartán atá corpraithe faoi dhlíthe na Seapáine,

— MTF Holdings Pty Ltd (an Astráil), cuideachta sealbhaíochta faoi rialú Macquarie Group Limited (an Astráil),

— Keogh Family Trust (an Astráil),

— UON Pty Ltd (an Astráil), faoi rialú MTF Holdings Pty Ltd, agus Keogh Family Trust.

Gheobhaidh ITOCHU Corporation, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú comhpháirteach ar UON Pty Ltd, atá faoi rialú comhpháirteach faoi láthair ag MTF Holdings Pty Ltd agus Keogh Family Trust (an Astráil).

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála é ITOCHU Corporation atá gníomhach i dtrádáil intíre, an t-allmhairiú/an t-onnmhairiú, agus táirgí éagsúla a thrádáil ar an gcoigríoch ó réimse leathan tionscal mar shampla táirgí teicstíle, innealra, miotail, mianraí, fuinneamh, ceimiceáin, bia, táirgí ginearálta, réadmhaoin, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, maoiniú, agus infheistíocht ghnó sa tSeapáin agus thar lear,

— Is cuideachta sealbhaíochta é MTF Holdings Pty Ltd, atá faoi rialú Macquarie Group Limited, ar soláthraí domhanda é seirbhísí baincéireachta, airgeadais, comhairleacha, infheistíochta agus bainistíochta infheistíochtaí atá bunaithe san Astráil agus a bhfuil a cheanncheathrú ann agus arna liostú ar Stocmhalartán na hAstráile,

— Is iontaobhas infheistíochta lánroghnach é Keogh Family Trust, nach bhfuil aon ghnó eile faoina rialú seachas an infheistíocht in UON, infheistíocht arna riaradh ag an iontaobhaí Kalam Property Pty Ltd, arb iad Mark Vincent Keogh agus Karen Louise Keogh a scairshealbhóirí agus a stiúrthóirí,

— UON Pty Ltd (an Astráil), soláthraí córais soláthair chumhachta atá comhtháite go hingearach, atá gníomhach i ndearadh, monarú, soláthar, tógáil agus cothabháil bonneagar cianda chumhachta agus uisce.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11391 – ITOCHU / KEOGH FAMILLY TRUST / MTF HOLDINGS / UON

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG/BELGIUM